FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS



# TUARASCÁIL UM CHEARTA BUNÚSACHA — 2024




## TUAIRIMÍ Ó FRA



Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna ar gcúl araon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2023. In Fundamental Rights Report 2024 (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024) de chuid FRA, féachtar siar ar na forbairtí sa réimse agus sainaithnítear na héachtaí a bhí ann agus réimsí ar ábhair imní iad go fóill araon. San fhoilseachán seo, cuirtear i láthair tuairimí FRA faoi na príomhfhorbairtí sna réimsí téamacha a chumhdaítear agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an gcaoi sin, tugtar forbhreathnú gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá roimh an AE agus na Ballstáit.

**1**
Réamhrá

**3**
Tionchar na géarchéime costais maireachtála agus na bochtaineachta atá ag dul i méid san AE

**6**
Aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an daonlathas agus ar an spás sibhialta: rannpháirtíocht a chur chun cinn agus saoirsí comhlachais, comhthionóil shíochánta agus cainte a chosaint

**8**
Imirce: ábhair imní maidir le cearta bunúsacha ag teorainneacha AE

**11**
Cur chun feidhme agus úsáid na Cairte ag leibhéal náisiúnta

Arna chríochnú in Aibreán 2024

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9489-307-9 | | doi:10.2811/36273 | TK-AM-24-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9489-375-8 | ISSN 2467-3064 | doi:10.2811/887368 | TK-AM-24-001-GA-N |


© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2024

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Creidiúintí grianghraif:
Clúdach: © Tamás Molnár/FRA; Pingpao/Adobe Stock; Ink drop/Adobe Stock
Leathanach 3: © Pingpao/AdobeStock
Leathanach 4: © Jiri Hera/AdobeStock
Leathanach 6: © Markus/AdobeStock
Leathanach 7: © Ink drop/AdobeStock
Leathanach 8: © Sarah Sighnolfi/FRA
Leathanach 9: © Tamás Molnár/FRA
Leathanach 12: © Artjazz/AdobeStock et © New Africa/AdobeStock

# RÉAMHRÁ

Is tiomsú é seo de thuairimí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus tá sé ag gabháil le *Fundamental Rights Report 2024* (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024). Cuirtear i láthair ann achoimre ar na príomhthorthaí sna réimsí téamacha a chumhdaítear sa tuarascáil, ag tacú le tuairimí FRA. Is gníomhaíochtaí fianaisebhunaithe, tráthúla agus praiticiúla iad sin lena mbreithniú ag comhlachtaí AE agus ag rialtais náisiúnta.

In *Fundamental Rights Report 2024* (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024), déantar iniúchadh ar théamaí na géarchéime costais maireachtála, an daonlathais agus na saoirsí bunúsacha, agus ar an staid maidir le cearta bunúsacha ag teorainneacha seachtracha an AE. Cuirtear i láthair inti athbhreithniú tráthúil ar na bagairtí is práinní ar chearta bunúsacha san Eoraip. Déantar iniúchadh inti freisin ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an AE.

Cé nach ndírítear sa tuarascáil ach ar na príomh-shaincheisteanna sin, ba bhliain í 2023 ina raibh bagairtí iomadúla ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha. Is dúshláin thromchúiseacha do chearta bunúsacha iad bagairtí ar luachanna daonlathacha agus ar an spás sibhialta, mar aon le fuath agus bréagaisnéis ar líne. Is amhlaidh atá sé maidir leis an ardú i gciníochas agus san éadulaingt a bhaineann leis. Ag an am céanna, tá an bhochtaineacht ag dul i méid san Eoraip le linn ghéarchéim costais maireachtála agus í fós ag dul i ngleic leis an imirce, atá ina saincheist dheighilteach. Tá an baol ann go dtreiseoidh gníomhaíocht riachtanach maidir leis an athrú aeráide na cineálacha imeallaithe sóisialta agus eacnamaíoch atá ann cheana féin. Sa chomhthéacs sin, cuirtear i láthair sa tuarascáil seo forléargas achomair ar na príomh-shaincheisteanna téamacha agus moltar inti conas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cearta bunúsacha.

Tá sé mar aidhm ag tuairimí FRA atá sa tuarascáil seo lucht déanta beartas agus reachtóirí a chur ar an eolas trí ghníomhartha a leagan amach don AE agus do na Ballstáit. In éineacht leis an tuarascáil iomlán, leagann FRA amach bealaí chun cinn chun Eoraip níos cuimsithí a bhaint amach atá bunaithe ar chearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn.

# 1

# TIONCHAR NA GÉARCHÉIME COSTAIS MAIREACHTÁLA AGUS NA BOCHTAINEACHTA ATÁ AG DUL I MÉID SAN AE




***Tá tionchar ag an ngéarchéim costais maireachtála ar na Ballstáit uile. Is iad iarmhairtí eacnamaíocha ó phaindéim COVID-19 agus ón ardú ar phraghsanna fuinnimh mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine is cúis leis den chuid is mó.***

***In 2022, bhí 95.3 milliún duine san AE i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Is ionann sin agus 21.6 % de dhaonra an AE. Tar éis méadú in 2020 agus in 2021, d'fhan an figiúr cobhsaí in 2022 i gcomparáid le 2019. Ach tá méadú tagtha ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta i measc leanaí, rud a dhéanann difear do 24.7 % díobh. Thart ar 20 milliún leanbh a bhí sa sciar sin in 2022, beagnach 1 mhilliún níos mó ná mar a bhí in 2019.***

***Bhí tionchar ag an ngéarchéim seo ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Cairt Shóisialta na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa. In 2022 agus 2023, ghlac an AE agus na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar an ardú ar phraghsanna agus ar shaincheisteanna tithíochta, agus chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. Mhaolaigh siad sin na tionchair dhiúltacha ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta ar an meán i ndaonra an AE. Ach bhí bearta den sórt sin sealadach go minic agus níor shroich siad na daoine ba leochailí i gcónaí. Dá bhrí sin, ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh fós ar thionchair fhadtéarmacha an bhoilscithe.***

Leagadh béim i roinnt staidéar ar na tionchair dhiúltacha ar chearta bunúsacha a d'eascair as an ngéarchéim costais maireachtála – mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá an boilsciú, agus praghsanna atá ag ardú go háirithe, ina mbagairt ar chearta bunúsacha agus ar phrionsabail bhunúsacha a ráthaítear le dlí an AE. Áirítear orthu sin na cearta ar dhínit an duine agus ar chomhionannas inscne, ar neamh-idirdhealú, ar mheas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ar chúnamh tithíochta agus ar shlándáil shóisialta agus ar chúnamh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne, agus cearta daoine atá i ngrúpaí atá i mbaol níos airde bochtaineachta.

Leanann an ghéarchéim chostais maireachtála de dhifear a dhéanamh do ghrúpaí éagsúla ar bhealaí éagsúla agus ar leibhéil éagsúla. Ní iompraítear na rioscaí agus na tionchair go cothrom ar fud sochaithe. Is mó an baol bochtaineachta dóibh siúd atá leochaileach cheana féin nó a ndéantar idirdhealú ina n-aghaidh.

Is iad leanaí, mná, daoine óga, mionlaigh chiníocha agus eitneacha, daoine scothaosta, daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirghnéasacha agus aiteacha (LADTIA), Romaigh agus daoine faoi mhíchumas is mó atá i mbaol bochtaineachta agus bagairtí ar a gcearta bunúsacha. Mar shampla, tá méadú suntasach tagtha ar bhaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta leanaí, agus thart ar 1 mhilliún níos mó leanaí i mbaol ó 2019 i leith.

## TUAIRIM 1.1 Ó FRA


Agus freagairtí beartais agus dlíthiúla ar an ngéarchéim chostais maireachtála á bpleanáil agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart don AE agus do na Ballstáit a chur san áireamh nach n-iompraítear tionchar na géarchéime seo go cothrom. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go gcuideoidh na freagairtí leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a chomhrac.

Chun é sin a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart bearta beartais agus dlíthiúla den sórt sin a bheith bunaithe ar fhianaise trí úsáid a bhaint as measúnuithe ex ante ar chearta bunúsacha. Ba cheart iad sin a tharraingt ó shonraí láidre iontaofa, a bheadh imdhealaithe go leordhóthanach chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chearta bunúsacha daoine a d'fhéadfadh a bheith leochaileach a chinneadh, amhail mná, leanaí agus daoine óga, mionlaigh eitneacha, daoine scothaosta, daoine LADTIA, Romaigh agus daoine faoi mhíchumas.

Tá bearta éagsúla reachtacha agus beartais curtha chun feidhme ag an AE agus ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar an ardú ar phraghsanna agus ar an ngéarchéim costais maireachtála. Áirítear orthu sin bearta cánachais, caidhpeanna praghais agus sochair dhíreacha chun an ceart chun slándála sóisialta, an ceart chun cúnaimh shóisialta, agus rochtain ar earraí agus seirbhísí riachtanacha amhail fuinneamh, tithíocht agus bia a áirithiú.

Mar sin féin, níor sainaithníodh i measúnuithe críochnúla aon tionchar iarbhír a bheadh ag an ngéarchéim chostais maireachtála ar na cearta bunúsacha a chosnaítear leis an gCairt. Ina theannta sin, tá sonraí inchomparáide tíre maidir le riachtanais agus bearta iarbhír, agus a dtionchar ar chearta grúpaí leochaileacha, teoranta. Is minic a bhíonn dí-chomhiomlánú sonraí ábhartha teoranta d'aois, gnéas agus stádas ioncaim, gan aon sonraí imdhealaithe ar fáil maidir le grúpaí eile i gcásanna leochaileacha, amhail daoine ó chúlraí eitneacha éagsúla, daoine LADTIA , Romaigh agus daoine faoi mhíchumas.

Ní fios fós, den chuid is mó, éifeachtúlacht agus cost-éifeachtúlacht na mbeart arna nglacadh do dhaoine i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear an tionchar ar a gcearta bunúsacha. Tugann taighde tosaigh le fios go bhfuil bearnaí suntasacha ann i gcur i bhfeidhm. Tá na bearta a cuireadh chun feidhme sealadach agus neamh-spriocdhírithe agus níor shroich siad teaghlaigh leochaileacha. Mar thoradh air sin go léir fágadh cuid de na grúpaí is leochailí ar lár.



Tá méadú tagtha ar an mbochtaineacht fuinnimh mar thoradh ar an ngéarchéim chostais maireachtála, rud a dhéanann difear díréireach dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta cheana féin. Is mó seans go mbeidh deacrachtaí i ndáil le fuinneamh agus iompar ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste – amhail Romaigh, inimircigh agus sliochtaigh inimirceach, mionlaigh eitneacha, daoine ar ioncam íseal agus daoine gan dídean – agus go háirithe mná sna grúpaí sin – ná an pobal i gcoitinne.

Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit a bhfreagairtí ar bhoilsciú ard agus ar chostais fuinnimh mhéadaithe a neartú. Tá sraith dea-chleachtas bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh feabhsuithe struchtúracha is féidir leis na Ballstáit a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh.

Tá an AE tiomanta aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus aistriú cothrom cóir a áirithiú san Eoraip, mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip. Tugtar tús áite d'aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh sa treoir athbhreithnithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (Treoir (AE) 2023/1791), ina leagtar amach na ceanglais beartais fuinnimh chun spriocanna aeráide an AE a bhaint amach maidir le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus faireachán a dhéanamh uirthi. Léirítear i measúnú an Choimisiúin Eorpaigh ar na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme gur ghlac na Ballstáit roinnt beart i ndáil leis an mbochtaineacht fuinnimh. Ach tá cuspóirí soiléire, modhanna measúnaithe leochaileachta agus creat láidir cumhachtaithe tomhaltóirí in easnamh ar na bearta sin.

## TUAIRIM 1.2 Ó FRA

Ba cheart don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha nó téamacha iomchuí chun cabhrú le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh a áireamh sa chéad chlárthréimhse eile de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

Ba cheart do Bhallstáit an AE a áirithiú go gcuirfear san áireamh i mbearta beartais agus dlíthiúla a bhaineann le spriocanna aeráide agus bochtaineacht fuinnimh an ceart bunúsach maidir le cúnamh sóisialta agus tithíochta a fháil, chun a áirithiú go mbeidh caighdeán maireachtála cuibhiúil ag gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu. Bheadh sé sin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos le dlí an Chomhphobail agus le dlíthe náisiúnta, agus le cleachtais chun an t-eisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht a chomhrac.

Agus pleananna náisiúnta athbhreithnithe aeráide agus fuinnimh á bhforbairt, iarrtar ar na Ballstáit na moltaí ábhartha ón gCoimisiún a chur san áireamh. Déanfar é sin chun urraim a thabhairt do ghealltanas lárnach claochlaitheach Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) 'gan aon duine a fhágáil ar lár'.

2

# AGHAIDH A THABHAIRT AR BHAGAIRTÍ AR AN DAONLATHAS AGUS AR AN SPÁS SIBHIALTA: RANNPHÁIRTÍOCHT A CHUR CHUN CINN AGUS SAOIRSÍ COMHLACHAIS, COMHTHIONÓIL SHÍOCHÁNTA AGUS CAINTE A CHOSAINT

***Is uirlis ríthábhachtach í rannpháirtíocht fhóinteach daoine aonair agus na sochaí sibhialta i ngnóthaí poiblí chun cur chun feidhme iomlán na gceart bunúsach a áirithiú. Áirithíonn sé go gcuirtear cearta gach duine san áireamh agus dlíthe agus beartais á ndréachtú. Léiríonn an fhianaise, áfach, gur minic nach mbíonn go leor ama nó deiseanna ann chun trácht fiúntach a dhéanamh ar dhréachtreachtaíocht nó chun dul i ngleic léi. Is amhlaidh atá sé go háirithe nuair a úsáidtear nósanna imeachta brostaithe nó nuair a chumhdaíonn billí saincheisteanna iomadúla. D'eisigh an Coimisiún Eorpach moladh nua chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i nósanna imeachta náisiúnta rannpháirtíochta agus comhairliúcháin.***

***Tá ionsaithe ó thríú páirtithe agus cur isteach iomarcach ón stát – go háirithe i gcoinne na gceart i ndáil le saoirsí comhlachais, comhthionóil shíochánta agus cainte – fós ina mbagairt ar an spás don tsochaí shibhialta. Áirítear leis sin cásanna dlí straitéiseacha lena ndírítear ar na meáin agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), chomh maith le srianta a bheartaítear nó a fhorchuirtear ar shaoirse comhthionóil shíochánta. Ghníomhaigh an Coimisiún Eorpach trí reachtaíocht AE a mholadh maidir le cásanna dlí arb é is aidhm dóibh imeaglú a dhéanamh ar acmhainní ESSanna na sochaí sibhialta agus na meán agus iad a ídiú. Thairis sin, mhol an Coimisiún reachtaíocht maidir le saoirse na meán agus chun oibríochtaí trasteorann comhlachas a éascú.***

Chun go mbeidh gníomhaithe chearta an duine agus an pobal i gcoitinne rannpháirteach go fóinteach i ngnóthaí poiblí ar an leibhéal náisiúnta, tá gá le bealaí agus nósanna imeachta iomchuí chun a áirithiú go sroichfidh breithnithe maidir le cearta an duine lucht déanta dlí agus lucht déanta beartas go héifeachtúil. Is ceanglas maidir le cearta an duine é rannpháirtíocht i ngnóthaí poiblí a éascú mar a léirítear in Airteagal 25 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla. Tá an rannpháirtíocht sin ábhartha ní hamháin i gcás ina ritheann na Ballstáit reachtaíocht go neamhspleách ach freisin i gcás ina dtagann a ndlí agus a gceapadh beartais faoi raon feidhme dhlí an AE – mar shampla agus treoir ón AE á trasuí acu.



Nuair a dhéantar an rannpháirtíocht i gceart, cuireann sé ar chumas chomhlachtaí neamhspleácha um chearta an duine agus ESSanna a bhfuil saineolas ábhartha acu ar chearta bunúsacha cur go mór leis an reachtóireacht agus trácht a dhéanamh uirthi. Ar an gcaoi sin, is uirlis ríthábhachtach í freisin chun a áirithiú nach bhfuil na Ballstáit ag sárú na Cairte agus dlí an AE á chur chun feidhme acu. Ach tugann an fhianaise a bailíodh le fios nach mbíonn rialacha leordhóthanacha i bhfeidhm i gcónaí ag na Ballstáit maidir le rannpháirtíocht an phobail. Fiú i gcás go mbíonn, uaireanta cuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach neamh-thrédhearcach, bíonn raon feidhme teoranta acu nó giorraítear go hiomarcach iad chun dlús a chur le próisis reachtóireachta nó ceaptha beartas.

Tá rioscaí suntasacha ag baint leis sin, ós rud é go bhféadfadh sé nach dtabharfaí aird chuí ar thionchair ar chearta bunúsacha mar thoradh ar ghrinnscrúdú laghdaithe ar dhlíthe nó ar bheartais. I ndeireadh na dála, d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do cháilíocht an reachtóireachta náisiúnta agus an cheaptha beartas náisiúnta. Nuair nach dtéitear i gcomhairle go leordhóthanach le ESSanna a bhfuil saineolas acu ar chearta bunúsacha, tá seans níos mó ann nach ndéanfaidh reachtóireacht agus ceapadh beartas cearta bunúsacha a phríomhshruthú go leordhóthanach. Ciallaíonn sé freisin nach gcuirfidh siad na cearta agus na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 51 den Chairt i bhfeidhm go héifeachtach.

## TUAIRIM 2.1 Ó FRA

Chun grinnscrúdú leordhóthanach ar chearta bunúsacha ar reachtaíocht agus ar bheartais a áirithiú laistigh de raon feidhme dhlí an AE, ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a reachtaíocht chun a áirithiú go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht phoiblí soiléir agus leathan go leor. Ba cheart dóibh ligean do ESSanna a bhfuil saineolas acu ar chearta bunúsacha agus ar chosantóirí chearta an duine a dtuairimí a chur isteach.

Ba cheart do reachtóirí náisiúnta agus do lucht ceaptha beartas náisiúnta na rialacha sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach agus trédhearcach. Ba cheart dóibh rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin phoiblí a phoibliú agus a chur chun cinn go forleathan, gné inscne a chomhtháthú agus aird ar leith a thabhairt ar theagmháil a dhéanamh le daoine i gcásanna leochaileacha agus iad a áireamh, amhail daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas agus baill de mhionlaigh eitneacha, chiníocha agus reiligiúnacha, chomh maith le ESSanna a bhfuil saineolas acu ar chearta bunúsacha.

Ba cheart do Bhallstáit an AE go leor ama a fhágáil don tsochaí shibhialta freagairt do thionscnaimh reachtacha agus bheartais ar bhealach fóinteach. Ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear na daoine a ghlac páirt sna comhairliúcháin ar an eolas faoin toradh.

Faoin gCairt agus faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, ceanglaítear ar Bhallstáit an AE bearta dearfacha a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil spás sibhialta bríomhar ann, eadhon trína n-oibleagáidí faoi na saoirsí comhlachais, comhthionóil shíochánta agus cainte a chur chun feidhme ina n-iomláine. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go gcomhlíonann srianta ar na cearta sin prionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta. Thuairiscigh ESSanna, gairmithe sna meáin agus eagraíochtaí meán bagairtí tromchúiseacha ó bhéal agus fisiceacha agus bearta diansmachta eile. Áirítear orthu sin cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail agus bearta faireachais ceilte.

Cuireadh srianta suntasacha – lena n-áirítear smachtbhannaí dlí choiriúil, bearta faireachais, úsáid fornirt chun tionóil a scaipeadh agus cuardaigh bhaile – ar shaoirse comhthionóil shíochánta. Cuireadh bearta den sórt sin i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear le linn agóidí aeráide. Déanann Comhairle na hEorpa faireachán ar ionsaithe i gcoinne iriseoirí. Tá sásra ann freisin lena gcumhdaítear staid chosantóirí chearta an duine lasmuigh den AE. Mar sin féin, níl aon fhaireachán ar leibhéal an AE á dhéanamh faoi láthair ar an spás sibhialta (iriseoirí san áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh) laistigh den AE a chuirfeadh an bonn fianaise ar fáil go córasach le haghaidh ceapadh beartas.

## TUAIRIM 2.2 Ó FRA

Tar éis iarrataí ón tsochaí shibhialta, d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar fhaireachlann a bhunú a dhéanfadh faireachán ar staid chosantóirí chearta an duine in AE. Ba cheart faireachlann den sórt sin a bhunú i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus le sásraí ábhartha atá ann cheana féin. Leis an bhfaireachlann, ba cheart ar a laghad faireachán a dhéanamh ar shrianta ar an spás sibhialta, agus ar ionsaithe ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus ar bhagairtí ina gcoinne. Ba cheart go n-éascódh sí malartuithe dea-chleachtais freisin.

Ba cheart do Bhallstáit an AE tuairisciú gníomhaíochtaí i gcoinne ESSanna agus cosantóirí chearta an duine a spreagadh. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí den sórt sin a thaifeadadh, a imscrúdú agus a ionchúiseamh i gceart.



# 3

# IMIRCE: ÁBHAIR IMNÍ MAIDIR LE CEARTA BUNÚSACHA AG TEORAINNEACHA AE




***Níl doiciméid taistil bhailí ag go leor díobh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta nó deiseanna oibre á lorg acu. Déanann cuid acu iarracht an Eoraip a bhaint amach ar muir ar bháid nach bhfuil muiracmhainneach. In 2023, fuair níos mó ná 4,000 duine bás nó chuaigh siad ar iarraidh ar muir, an líon is airde le 5 bliana anuas. Chun srian a chur leis an imirce neamhrialta, tá níos mó fálta á dtógáil ag stáit agus tá méadú ag teacht ar mhíleatú na dteorainneacha.***

***Tá córais faisnéise nua á gcur i bhfeidhm ag an AE chun seiceálacha teorann a éascú. Tá teannas fós ann idir an reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear rochtain ar thearmann agus dlí an AE, mar aon le líomhaintí maidir le drochíde agus sáruithe eile ar chearta ag teorainneacha. Tá dúshláin leanúnacha roimh ESSanna a chuidíonn le himircigh agus le dídeanaithe.***

***Tá comhaontú maidir le himirce agus tearmann comhaontaithe ag an AE, comhaontú trínar cheart nósanna imeachta tearmainn agus nósanna imeachta um fhilleadh a dhéanamh níos tapúla agus a chur ar bun gar don teorainn. Bíonn deacrachtaí ag roinnt saoráidí ag teorainneacha dálaí glactha díniteacha a thairiscint do dhaoine nuathagtha. Leis an gcomhshocrú, tabharfar isteach dualgas ar stáit faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach. Ós rud é go bhfuil an AE anois ina pháirtí i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), beidh ar institiúidí agus gníomhaireachtaí an AE gníomhaíocht a dhéanamh chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, i gcomhthéacs na himirce, lena n-áirítear ag teorainneacha.***

***Baineann an chaibidil seo le cearta bunúsacha ag na teorainneacha. Díríonn sé ar theorainneacha seachtracha talún agus mara an AE. Féachtar ann ar bheartais roimh theacht isteach, ar rialuithe teorann iad féin agus ar phróiseáil tosaigh na ndaoine a thagann isteach trí rialuithe teorann a sheachaint.***

## TUAIRIM 3.1 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit an AE a bprótacail chuardaigh agus tharrthála a athbhreithniú agus a choigeartú bunaithe ar dhea-chleachtais chun beatha daoine a shábháil ar muir.

Agus comhlíontacht chistiú an AE le cearta bunúsacha á cur chun cinn, ba cheart don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun cistiú le haghaidh bainistiú teorainneacha muirí a nascadh le prótacail oibríochtúla a ghlacadh agus cloí leo lena n-áirithítear cúnamh tráthúil do dhaoine atá i ngarchontúirt ar muir.

Ba cheart do na Ballstáit agus do Frontex a áirithiú i dteannta a chéile go n-imscarfar dóthain sócmhainní cabhlaigh atá feistithe go hiomchuí i limistéir mhórmhara, áiteanna a dtugtar le fios san anailís riosca gur dóchúla go dtarlóidh longbhristeacha.

Tá gníomhaíocht fheabhsaithe á déanamh ag na Ballstáit chun a dteorainneacha a rialú agus chun srian a chur leis an imirce neamhrialta. Mar thoradh ar roinnt beart, tá treallachas, éiginnteacht dhlíthiúil, srianta ar obair na sochaí sibhialta agus cosaint bhreithiúnach neamhéifeachtach i gcoinne sáruithe forleathana ar chearta ag teorainneacha. Is beag íospartach a bhfuil rochtain acu ar an gceartas trí leigheasanna éifeachtacha. Leagtar síos i gCásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine na coinníollacha is gá chun go mbeidh leigheas éifeachtach sa dlí agus sa chleachtas. Ina rannchuidiú le tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an smacht reachta, tugann FRA le fios go bhféadfadh an easpa rochtana ar an gceartas a bheith ina riosca d'urramú an smachta reachta mar bhunluach de chuid an AE d'Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Amach anseo, faoin gcomhshocrú maidir le himirce agus tearmann, beidh sé de dhualgas ar na Ballstáit sásraí neamhspleácha a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha le linn scagtha ag teorainneacha agus beidh sé de shaoirse acu raon feidhme na sásraí sin a leathnú chuig gnéithe eile. In 2022, d'eisigh FRA treoir maidir le conas sásraí den sórt sin a chur ar bun.

Tá gníomhaíocht fheabhsaithe á déanamh ag na Ballstáit chun a dteorainneacha a rialú agus chun srian a chur leis an imirce neamhrialta. Mar thoradh ar roinnt beart, tá treallachas, éiginnteacht dhlíthiúil, srianta ar obair na sochaí sibhialta agus cosaint bhreithiúnach neamhéifeachtach i gcoinne sáruithe forleathana ar chearta ag teorainneacha. Is beag íospartach a bhfuil rochtain acu ar an gceartas trí leigheasanna éifeachtacha. Leagtar síos i gCásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine na coinníollacha is gá chun go mbeidh leigheas éifeachtach sa dlí agus sa chleachtas. Ina rannchuidiú le tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an smacht reachta, tugann FRA le fios go bhféadfadh an easpa rochtana ar an gceartas a bheith ina riosca d'urramú an smachta reachta mar bhunluach de chuid an AE d'Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Amach anseo, faoin gcomhshocrú maidir le himirce agus tearmann, beidh sé de dhualgas ar na Ballstáit sásraí neamhspleácha a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha le linn scagtha ag teorainneacha agus beidh sé de shaoirse acu raon feidhme na sásraí sin a leathnú chuig gnéithe eile. In 2022, d'eisigh FRA treoir maidir le conas sásraí den sórt sin a chur ar bun.



## TUAIRIM 3.2 Ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit iarrachtaí feabhsaithe a dhéanamh chun cearta bunúsacha na n-imirceach, na ndídeanaithe agus na ndaoine atá ag lorg tearmainn ag teorainneacha a chosaint. Ba cheart dóibh é sin a dhéanamh trí imscrúdú pras agus éifeachtach a dhéanamh ar gach líomhain maidir le sáruithe ar chearta bunúsacha ag teorainneacha agus i ngach teagmhas longbhriste. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit na ceanglais nós imeachta arna mbunú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a urramú.

Ba cheart do Bhallstáit an AE sásraí náisiúnta a bhunú nó a neartú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ag a dteorainneacha, ag cur le saineolas agus treoir FRA.

## TUAIRIM 3.3 Ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir leis na saoráidí a úsáidtear chun daoine nuathagtha a óstáil ag teorainneacha seachtracha, go dtairgtear dálaí díniteacha sábháilte leo, agus nach mbeidh coinneáil threallach mar thoradh orthu. Ba cheart na saoráidí sin a bheith mar chuid de chóras fónta foriomlán bainistithe imirce a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aige iarratasóirí ar thearmann a aistriú chuig saoráidí rialta, nuair is gá. Ba cheart nósanna imeachta éifeachtacha daonnachtúla a bheith ag an gcóras freisin maidir le filleadh díniteach agus ba cheart go dtairgfeadh deiseanna lánpháirtíochta inoibrithe do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta.

Ba cheart don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar mheasúnú tionchair neamhspleách ar chearta bunúsacha a iarraidh, nuair is gá, chun a fhíorú go gcomhlíonann cistiú an AE cearta bunúsacha faoi na hionstraimí is infheidhme AE.

## TUAIRIM 3.4 Ó FRA

Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh chistiú an AE le dlí an AE, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh freisin ar na caighdeáin a leagtar amach i gCoinbhinsiún Iostanbúl Chomhairle na hEorpa.

In 2023, tháinig Coinbhinsiún Iostanbúl chun bheith ina cheangal ar an AE féin agus ní hamháin ar na Ballstáit sin a dhaingnigh é. Tá forálacha i ndlí an AE cheana féin maidir le mná a chosaint ag teorainneacha. Leis na hoibleagáidí nua, déanfar na hoibleagáidí sin a leathnú tuilleadh. Faoin rialachán maidir le foráil choiteann (Rialachán (AE) 2021/1060), nuair a bhaineann na Ballstáit úsáid as cistiú ón AE chun tacú lena mbeartais maidir le bainistiú teorainneacha, tearmann agus filleadh, ní mór dóibh socruithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh cláir arna gcistiú ag an AE an Chairt agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Ina thuarascáil in 2023 dar teideal *EU Funds – Ensuring compliance with fundamental rights* (Cistí AE – Comhlíontacht le cearta bunúsacha a áirithiú), molann FRA gur cheart, amach anseo, Coinbhinsiún Iostanbúl a chur san áireamh freisin.

# 4

# CUR CHUN FEIDHME AGUS ÚSÁID NA CAIRTE AG LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

***Roimh athbhreithniú meántéarma 2025 ar chur chun feidhme straitéis na Cairte chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san AE a neartú agus roimh chomóradh 25 bliain fhorógra na Cairte, bhí próiseas struchtúrtha agus spriocanna, garspriocanna agus amlínte nithiúla fós in easnamh sna hiarrachtaí chun straitéis na Cairte 2020 a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.***

***Lean an Chairt de bheith ag neartú an bhosca uirlisí um chearta bunúsacha i seomraí cúirte, mar a léirítear le cásdlí náisiúnta agus Eorpach. Ach chuir dúshláin leanúnacha maidir le hinrochtaineacht an chórais cheartais bac ar fheidhmiú éifeachtach na gceart a chumhdaítear sa Chairt, go háirithe do dhaoine atá i staideanna leochaileacha.***

***Bhí cur i bhfeidhm na Cairte ag reachtóirí náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta chun deiridh ar chur i bhfeidhm ag na breithiúna. Tugadh suntas ar leith don easpa úsáide a bhain na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla as an gCairt. Tá creataí beartais agus dlíthiúla á nglacadh go mall ag na Ballstáit chun 'coinníoll cumasúcháin cothrománach' a bhaineann leis an gCairt a chur chun feidhme maidir le húsáid chistí an AE. Mar sin féin, bhí saincheisteanna fós ann maidir le sásraí gearán agus rannpháirtíocht agus acmhainneacht riachtanach na ngníomhaithe um chearta bunúsacha. Ós rud é go bhfuil institiúidí náisiúnta um chearta an duine ar chuid de phríomhchomhairleoirí na rialtas náisiúnta maidir le saincheisteanna um chearta an duine, tá sé tábhachtach dóibh fós saineolas na Cairte a fhorbairt.***

***A bhuí le cistiú tiomnaithe ón AE, go háirithe tríd an gclár um shaoránaigh, comhionannas, cearta agus luachanna (CERV), tá méadú tagtha ar na hiarrachtaí chun an t-eolas agus an saineolas maidir leis an gCairt a leathnú. Mar sin féin, tá difríochtaí ann ar fud na mBallstát, na n-údarás náisiúnta agus na ngairmeacha sa mhéid a bhfuil feidhm ag an gCairt.***

Roimh i bhfad beidh 25 bliain thart ó fógraíodh an Chairt. Is minic a úsáidtear an Chairt ar leibhéal an AE, go háirithe i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ach freisin i ndlí agus i gceapadh beartais an AE (e.g. féach uirlis Uimh. 29 an Choimisiúin Eorpaigh agus treoirlínte na Comhairle). In 2025, tuairisceoidh an Coimisiún Eorpach ar chur chun feidhme meántéarmach a straitéise do 2020 chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san AE a neartú.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá nós imeachta struchtúrtha agus spriocanna, garspriocanna agus amlínte nithiúla fós in easnamh sna hiarrachtaí chun straitéis na Cairte a chur chun feidhme. Thairis sin, níl an Chairt le feiceáil go háirithe fós sa dlí náisiúnta ná i gceapadh beartais a thagann faoi raon feidhme dhlí an AE. Ní thagraítear go sainráite fós don Chairt sna rialacha náisiúnta maidir le measúnuithe tionchair.

Ag an am céanna, cheap 25 Bhallstát pointe fócasach don Chairt, mar a beartaíodh i straitéis na Cairte agus sna conclúidí gaolmhara ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Is céad chéim thábhachtach é pointí fócasacha na Cairte a bhunú, toisc go bhféadfadh na pointí fócasacha sin an próiseas chun an straitéis a chur chun feidhme go náisiúnta a stiúradh nó cabhrú leis an bpróiseas sin. Mar sin féin, ní mór don chuid is mó de phointí fócasacha na Cairte teacht ar a ról sa chomhthéacs náisiúnta chun rannchuidiú ar an mbealach is fearr le cur i bhfeidhm feabhsaithe na Cairte ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

## TUAIRIM 4.1 Ó FRA

Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach tuilleadh forbartha agus nuashonraithe a dhéanamh ar uirlisí lena ráthaítear go gcomhlíonann go hiomlán dlí agus ceapadh beartais an AE an Chairt. Ba cheart dóibh a n-iarrachtaí a neartú freisin chun an Chairt a chur chun cinn ar fud an AE.

Iarrtar ar Bhallstáit an Aontais próiseas struchtúrtha a bhunú bunaithe ar spriocanna, garspriocanna agus amlínte nithiúla agus na conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh á gcur chun feidhme acu.

Iarrtar ar na Ballstáit acmhainneacht a bpointí fócasacha Cairte a neartú le hacmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais chun go mbeidh siad in ann feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an gcomhar leis na gníomhaithe ábhartha uile.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar measúnú i gcónaí ar thionchar aon togra reachtaigh a thagann faoi raon feidhme dhlí an AE bunaithe ar phrionsabail agus ar chearta na Cairte. Chomh maith le seiceáil a dhéanamh ar na caighdeáin náisiúnta maidir le cearta an duine agus ar ECHR, ba cheart measúnú éifeachtach i gcoinne na Cairte a éileamh go sainráite i rialacha maidir le measúnuithe tionchair, i bhfianaise an léirmhínithe a thugann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dá forálacha.



## TUAIRIM 4.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit an AE a áirithiú go mbeidh rochtain ag leanaí, mná, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus mionlaigh eitneacha atá i staid leochaileach ar leigheasanna breithiúnacha agus go gcuirfear ar an eolas iad faoina gcearta nós imeachta ar bhealach inrochtana, mar a cheanglaítear le dlí an AE.

Is minic a thagraíonn cleachtóirí dlí d'Airteagal 47 den Chairt (an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil). Ina theannta sin, ar an leibhéal polaitiúil, is ábhar tábhachtach fós í rochtain ar an gceartas, mar is léir ó thuarascáil 2023 ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur i bhfeidhm na Cairte. Díríodh sa tuarascáil in 2023 ar chosaint dlí éifeachtach agus ar rochtain ar cheartas. I gcomhréir le tuarascálacha FRA roimhe seo, tagann sé ar an gconclúid go bhfuil bacainní ar rochtain ar cheartas fós ann. Áirítear orthu sin soláthar neamhleor faisnéise, go háirithe maidir le leigheasanna neamhbhreithiúnacha; deacrachtaí praiticiúla maidir le réitigh r-cheartais a úsáid; socruithe neamhleora chun faireachán a dhéanamh ar chearta an linbh in imeachtaí breithiúnacha; agus leibhéil éagsúla neamh-inrochtaineachta ceartais do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear ar fhorais eacnamaíocha. Féadann siad seo go léir cosc a chur ar pháirtithe leasmhara leigheasanna dlí a urghabháil.

## TUAIRIM 4.3 Ó FRA

Moltar do Bhallstáit an AE úsáid a bhaint as an gcistiú uile atá ar fáil ón AE le haghaidh oiliúint a bhaineann leis an gCairt, go háirithe CERV agus na cláir um cheartas, nó úsáid an chistithe sin a chur chun cinn. Ba cheart go bhfeabhsófaí leo siúd feasacht ar an gCairt i measc oifigeach poiblí in údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht fhóinteach na ngníomhaithe ábhartha um chearta bunúsacha a áirithiú sa phróiseas faireacháin ar chistí ábhartha AE agus cistiú spriocdhírithe a sholáthar chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht agus ar a saineolas faireacháin.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir lena sásraí gearán maidir le húsáid chistí an AE aon sárú ar an gCairt a shainaithint agus an sásamh is gá a chur ar fáil.

Tugtar le fios i sonraí FRA 2023 go bhfuil treocht dhearfach ann ó thaobh oiliúint ar chearta bunúsacha de. De réir a chéile, ní hamháin go gcuirtear oiliúint ar an gCairt ar fáil do chomhaltaí na mbreithiúna, ach freisin do státseirbhísigh, d'fhorfheidhmiú an dlí, don tsochaí shibhialta, d'fhoireann na n-institiúidí náisiúnta um chearta an duine (NHRInna) agus do chomhlachtaí comhionannais, d'iriseoirí agus do mhic léinn. Go dtí seo, is cosúil nach bhfuil údaráis réigiúnacha agus áitiúla san áireamh go leordhóthanach i ngníomhaíochtaí oiliúna den sórt sin. Mar sin féin, cuireann clár CERV agus an clár um cheartas deiseanna ar fáil chun gníomhaíochtaí oiliúna ábhartha a chómhaoiniú.

Réimse tábhachtach do shaineolas na Cairte is ea cur chun feidhme chistí an AE a chumhdaítear le rialachán na bhforálacha coiteanna (Rialachán (AE) 2021/1060). Leis an rialachán, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go n-urramaítear an Chairt agus cistí an AE á gcur chun feidhme. Ina theannta sin, cuireann sé ar chumas NHRInna, ar chomhlachtaí comhionannais, agus ar ESSanna freisin, ról tábhachtach a bheith acu maidir le faireachán a dhéanamh ar an urraim do chearta bunúsacha nuair a úsáidtear cistí an AE. I dtuarascáil 2023 ó FRA dar teideal *EU Funds – Ensuring compliance with fundamental rights* (Cistí AE – Comhlíonadh ceart bunúsach a áirithiú) fuarthas saincheisteanna maidir le rannpháirtíocht chomhlachtaí um chearta bunúsacha agus na sochaí sibhialta sa phróiseas faireacháin, ar cosúil nach bhfuil acmhainneacht, acmhainní ná saineolas ar an gCairt acu.






Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna ar gcúl araon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2023. In *Fundamental Rights Report 2024* (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024) de chuid FRA, féachtar siar ar na mórfhorbairtí san AE idir Eanáir agus Nollaig 2023 agus leagtar amach na tuairimí ó FRA orthu siúd. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí ar ábhair imní iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a théann i bhfeidhm ar dhíospóireachtaí ar fud an AE maidir le cearta bunúsacha.

# DO CHEARTA BUNÚSACHA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT AR FUD AN AE —

TUILLEADH FAISNÉISE

Chun teacht ar an leagan iomlán de *Fundamental Rights Report 2024* (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024) de chuid FRA – féach https://fra.europa.eu/en/publication/2024/fundamental-rights-report-2024

**Féach freisin foilseacháin ghaolmhara FRA:**

— FRA (2024), *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024 – Tuairimí ó FRA,* Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, https://fra.europa.eu/en/publication/2024/fundamental-rights-report-2024-fra-opinions (ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an AE agus in Albáinis, i Macadóinis agus i Seirbis)

— Tá tuarascálacha bliantúla FRA roimhe sin ar na dúshláin agus ar an méid atá bainte amach i ndáil le cearta bunúsacha san Aontas Eorpach le fáil ar shuíomh gréasáin FRA (ar fáil i mBéarla agus i bpáirt i bhFraincis).

**FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA**
Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – An Ostair
T +43 158030-0 – F +43 158030-699
**fra.europa.eu**

facebook.com/fundamentalrights
linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency
twitter.com/EURightsAgency

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh